Nuachtlitir Ghaelscoil Phort Láirge 3ú Deireadh Fómhair 2025

SNA Appreciation Day: Lá buíochais do na Cúntóirí Ranga Speisialta a bhí ann an tseachtain seo caite – bhronn na páistí bláthanna ar Mary, Deirdre agus Claire!

Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin	Aoine
6ú NB Meet the Teacher 12:45 --- R1 Meet the Teacher 1:45 Cór 2:30-3:30	7ú Cluiche Buachaillí F13 12:30 Rince Gaelach 2:30	8ú Peil Gaelach R1-R6 Cruinniú Foirne – páistí ag dul abhaile ag 1:30	9ú Bliots Cailíní F10 --- Traenáil R3-R6 2:30	10ú Cuairt ó Futa Fata - Naíonáin Bheaga, Mhóra agus R1

Éadaí Scoile: Ba chóir go mbeadh éadaí scoile cearta ar gach dalta ag teacht ar scoil.

- Geansaí scoile, t-léine agus bríste scoile agus bróga reatha.
- Tá cead ag na páistí **bríste gairid na scoile** a chaitheamh go dtí Oíche Shamhna agus arís sa tríú téarma.
- Muna bhfuil do pháiste in ann éadaí scoile a chaitheamh aon lá, ba chóir nóta a chur ar Aladdin ag míniú é seo.

School uniform: All pupils should wear the correct school uniform when coming to school.

- School jumper, t-shirt, and school trousers, along with runners.
- Pupils are allowed to wear school shorts up until Halloween and again during the third term.
- If your child is unable to wear the school uniform on a given day, please send a note on Aladdin.

Sábháilteacht bóthair:

Tá na comharsana áitiúla buartha faoi chúrsaí páirceála in aice na scoile gach maidin. Bíonn an ceantar an-ghnóthach agus páistí ag teacht ar scoil, le trácht tiubh ar na bóithre.

Chun sábháilteacht gach duine a chinntiú, iarraimid ar gach tiománaí gan páirceáil:

- Os comhair gheataí na gcomharsan,
- Nó ag bealach isteach an eastáit

Tá sé an-deacair do mhuintir na háite radharc ceart a bheith acu ar an trácht agus iad ag teacht amach as a dtithe má tá carranna sa tslí, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith dainséarach do pháistí agus do choisithe eile.

Bheimis fíorbhuíoch dá n-oibreodh gach duine le chéile chun sábháilteacht a chur chun cinn ag amanna gnóthacha. Go raibh maith agaibh as bhur gcomhoibriú.

Road Safety:

Local residents are concerned about parking issues near the school each morning. The area becomes very busy as children arrive at school, with heavy traffic on the roads.
To ensure everyone's safety, we kindly ask all drivers ***not to park****:*

- *In front of residents' gates,*
- *Or at the entrance to the estate*

It is very difficult for local residents to have a clear view of oncoming traffic when cars are blocking the way, and this can be dangerous for children and other pedestrians also.
We would be very grateful if everyone could work together to promote safety during these busy times. Thank you for your cooperation.

Lón Sláintiúil:

Tá polasaí lóin shláintiúil againn, agus táimid ag cur béime sa scoil ar dhea-nósanna a chothú i measc na bpáistí. **Meabhrúchán nach bhfuil cead boscaí nó málaí móra milseán a thabhairt isteach le haghaidh breithlaethanta**. Táimid ag uasdátú an pholasaí faoi láthair chun soiléiriú a thabhairt ar cad atá ceadaithe agus nach bhfuil ceadaithe ar scoil, agus beidh sé ar fáil go luath ar shuíomh gréasáin na scoile.

Healthy Lunches:

We have a healthy lunch policy, and we are placing emphasis in the school on promoting healthy habits among the children. **Please do not send in large bags of sweets for the whole class on birthdays.**
We are currently updating the policy to clarify what is and isn't permitted in school, and it will be available soon on the school's website.

Stór Focal - An Fómhar
An Fómhar - Autumn
Meán Fómhair - September
Deireadh Fómhair - October
Duilleoga - Leaves
Dearcán - Acorn
Cnó capaill - Horse-chestnut
Gráinneog - Hedgehog
Iora rua - Red squirrel
Sionnach - Fox
Gaofar - Windy
Geansaí - Jumper
Hata - Hat
Scaif - Scarf
Lámhainní - Gloves
Sméara dubha - Blackberries
Seacláid the - Hot chocolate
Cupán tae - A cup of tea
Fear bréige - Scarecrow
Tarracóir - Tractor
Feirmeoir - Farmer
Gaeloideachas

An Fómhar
geimhríonn
AN Fómhar
síorghlas
evergreen
duillsilteach
deciduous

Taitníonn an trealamh nua sa chlós go mór leis na páistí!

Cluichí mata is ealaín álainn i Rang 3

Rinne rang 4 ealaín iontach leis na bolcáin a dhearr siad.

Bhí cleachtadh deas ag cór na scoile an tseachtain seo agus bhí an spraoi ag Foireann na Cailíní ag an gcluiche, maith sibh!

Bhí Naíonáin Mhóra gnóthach an tseachtain seo ag déanamh aistear bunaithe ar an téama ‘Mé Féin’!

Seo Mise!

Seo Mise!

Féin

Bhí seachtain iontach ag Rang 1. Chuadar go Baile Mhic Gonair chun lúthchleasaíocht a dhéanamh agus bhí cluichí mata ar siúl acu chomh maith!